

NUASHONRAITHE 29 Márta 2020

Clár Béilí Scoile - Treoir do Scoileanna

Chuig Príomhoidí agus Forais Bhainistíochta Scoile

Tuigimid gur tréimhse an-dúshlánach í seo do mhúinteoirí, baill foirne, daltaí agus do thuismitheoirí. Táimid buíodh díbh as a bhfuil déanta agaibh go dtí seo agus a leanfaidh sibh de sna seachtainí atá romhainn.

Tá iomlán an Rialtais thar a bheith buíoch as an dícheall, tiomantas agus fuinneamh atá á gcaitheamh ag daltaí agus múinteoirí chun leanúint leis an oideachas i gcúinsí deacra. Iarrtar ar chomhghleacaithe ag an leibhéal iar-bhunscolaíochta leanúint leis an dul chun cinn agus aird ar leith a dhíriú ar dhaltaí i ranganna scrúduithe chun ullmhú i gcomhair scrúduithe Stáit.

Ba mhaith leis an rialtas fosta aitheantas a thabhairt don iomad iarrachtaí atá á ndéanamh ag leibhéal scoile chun tacú le páistí i gcúinsí deacra.

Is eol don Aire agus don Roinn Oideachais agus Scileanna go bhfuil ábhair inní curtha in iúl ag scoileanna agus ag baill foirne oideachais faoi dhúnadh scoileanna mar gheall ar choróinvíreas (COVID-19) agus an tionchar ar dhaltaí a fhaigheann béilí scoile agus, mura mbeidh béilí scoile ar fáil, gur ar na daoine is mó atá faoi mhíbhuntáiste a théann sé i bhfeidhm.

Tá deimhnithe ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí go leanfar de mhaoiniú do scoileanna, ar aon dul le paraiméadair na scéime Béilí Scoile.

Míneofar sa nóta treorach seo cad is cóir agus is gá do scoileanna a dhéanamh chun a chinntiú go mbeidh rochtain leanúnach ag daltaí ar bhéilí scoile fad atá an scoil dúnta.

Nuair a mheastar iad siúd a bhféadfadh tacaíocht a bheith de dhíth orthu, ba chóir do scoileanna a chur san áireamh go bhféadfadh athrú a bheith tagtha ar chúinsí eacnamaíochta agus fostaíochta i roinnt teaghlach mar gheall ar thosca Covid-19. D'fhéadfadh sé go mbeadh cúinsí eile i gceist anois ag teaghlaigh nach raibh ag brath roimhe seo ar bhéilí scoile. D'fhéadfadh sé a bheith feidhmiúil teagmháil a dhéanamh le teaghlaigh a fhaigheann tacaíocht faoin gClár Béilí Scoile cheana féin chun a fháil amach ar mian leo leanúint den tacaíocht seo le linn thréimhse seo na scoileanna dúnta.

Tá teagmháil déanta ag Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS) le gach comhordaitheoir idirchaidreamh baile scoile agus an phobail (HSCL) agus Cláir Comhlánaithe Scoile (SCP) agus iarradh ar HSCL agus SCP araon dul i mbun idirchaidrimh le príomhoidí scoile i ngach scoil ina n-oibríonn HSCL agus SCP faoi láthair chun a chinntiú go n-aithnítear páistí/teaghlaigh a bhfuil gá acu leis an gClár Béilí Scoile agus go dtugtar tacaíocht dóibh.

Iarrtar ar scoileanna leanúint den tseirbhís le linn shaoire na Cásca.

Is tábhachtach go gcloífead leis na treoirlínte sábháilteachta agus ullmhúcháin bia uile. Is gá cloí le gach treoirlíne de chuid FSS a bhaineann le Covid-19, lena n-áirítear scaradh fisiciúil agus grúpaí daoine nó scuainí a sheachaint.

Béilí Scoile mar sheirbhís riachtanach

I ndiaidh gur fhógair an Taoiseach ar an 27 Márta 2020 go bhfuiltear ag cur in iúl do scoileanna go meastar mar "seirbhís riachtanach" socruithe soláthar béilí scoile. Lena chois sin, áirítear baill foirne (lena n-áirítear foireann tacaíochta, múinteoirí, príomhoidí nó foireann Idirchaidreamh Baile Scoile agus an Phobail nó Cláir Comhlánaithe Scoile) a thaistealaíonn chun cúnamh a thabhairt gur taisteal ar chúiseanna oibre atá i gceist. Cumhdaítear fosta oibrithe deonacha atá ag cabhrú sa Chlár Béilí Scoile.

D'fhonn na socruithe nua a chomhlíonadh, **níor chóir do dhaoine aonair bia nó beartáin bia a bhailiú ó scoileanna ach amháin mura féidir iad a sheachadadh chuig seoltaí baile daltaí agus gur féidir an bailiú a shocrú ach é cloí go docht le treoirlínte scaradh fisiciúil Covid-19 FSS.**

Tuigtear go raibh táirgeoirí/dáileoírí bia ag obair thar an deireadh seachtaine seo i gcomhair seachadtaí maidin Dé Luain ar scoileanna, agus ag cur san áireamh go bhféadfadh roinnt laethanta a bheith i gceist chun socrúithe dáileacháin a dhéanamh **is féidir le daoine aonair leanúint de bhailiú béilí scoile go dtí go ndéanfaidh scoil socrúithe eile dáileacháin. I gcásanna mar seo, níor chóir an bailiú a dhéanamh ach amháin más féidir é a dhéanamh ach cloí go docht le treoirlínte scaradh fisiciúil Covid-19 FSS.**

Ba chóir do scoileanna socrúithe a dhéanamh fosta chun a chinntiú nach socrófar soláthar beartáin bia ach uair sa tseachtain.

Socrúithe dáileacháin

Faoi na bearta sláinte phoiblí is déanaí chun leathadh Covid-19 a chosc, táthar ag tathant ar gach duine fanacht sa bhaile a oiread agus is féidir.

Á chur seo san áireamh, **iarrtar ar scoileanna socrúithe a dhéanamh chun pacáistí bia a dháileadh.**

I roinnt cásanna beidh socrúithe áitiúla déanta cheana féin ag scoileanna chun dáileadh bia ar bhailte daltaí a éascú agus is féidir leanúint de na socrúithe seo más indéanta fós. Maidir leo sin nach ndearna socrúithe fós le haghaidh dáileacháin, iarrtar orthu socrúithe mar seo a dhéanamh a luaithe agus is féidir.

Is féidir seachadadh de chuid An Post a shocrú más amhlaidh nach bhfuil socrúithe áitiúla dáileacháin ann nó nach bhfuil siad indéanta níos mó:

- D'fhonn lóistíocht an dáileacháin a bhainistiú, tá aontaithe ag An Post pacáistí bia a sholáthar ó aon cheann dá 114 Aonad Seirbhísí Seachadta chuig seoltaí baile daltaí.
- Sna pacáistí bia atá le seachadadh ba chóir go mbeadh earraí domheata, ina bhfuil meáchan suas le 30kg agus iad cumhdaithe, fillte go slán.
- Beidh ar scoileanna seoltaí a chur ar na pacáistí bia agus ansin iad a sheachadadh chuig Aonad Seirbhísí Seachadta (DSU) An Post le go seachadfaidh An Post chuig seoltaí baile na ndaltaí iad. Tá sonraí na nAonad seo faoi iamh.
- Rachaidh pacáistí trí ghréasán An Post chuig seoltaí baile na ndaltaí ar bhonn SAORPHOST.

- Ba chóir do scoileanna dul i dteagmháil lena DSU áitiúil de chuid An Post (féach liosta sonraí teagmhála a chuirfear chuig Príomhoidí) chun socrúithe áitiúla a chur in áit.

Cúnamh breise nuair is gá

Tá gach údarás áitiúil ag comhordú Cláir Gréasáin Tacaíochta Pobail mar thaca d'iarrachtaí oibrithe deonacha. Tá Curadh Pobail ag gach Contae agus is é a ról ceisteanna agus iarratais ar chúnamh a chur i dtreo grúpaí áitiúla pobail agus obair dheonach. Féadann príomhoidí scoile dul i dteagmháil leis an gCuradh Pobail más mian leo tacaíocht agus cúnamh a fháil trí ghrúpaí áitiúla pobail agus obair dheonach.

Treoir ar Scaradh Fisiciúil

- Is tábhachtach scaradh fisiciúil má táimid le bac a chur ar leathadh an choróinvíris. Déantar é seo trína laghad tadhaill agus is féidir idir dhaoine a bhféadfadh an galar a bheith orthu agus daoine nach bhfuil. Tá níos mó eolais ar fáil anseo: <https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/protect-yourself.html>
- Ba chóir duit spás 2 mhéadar (6.5 troigh) a choimeád idir thú féin agus daoine eile
- Ba chóir marcáil ar urlár a úsáid le dhá mhéadar a léiriú go físiúil do dhaoine atá i láthair. Tá ábhar ar fáil anseo atá le híoslódáil agus a chabhródh libh:
- <https://www.gov.ie/en/publication/472f64-covid-19-coronavirus-guidance-and-advice/#social-distancing-graphics>
- Cinntigh go bhfuil an t-urlár marcáilte san áit cheart le haghaidh boird srl. agus nach mbogfar troscán ó na háiteanna seo.

Roghanna do Scoileanna

Is faoi scoileanna atá sé teacht ar an modh is fearr a oibríonn don scoil laistigh de na paraiméadair atá leagtha amach ag an Roinn. Cé nach bhfuil siad forordaitheach, d'fhéadfadh na roghanna seo a leanas a bheith ina gcuidiú:

Rogha 1: Bia a sheachadadh ó shuíomh lárnach (m.sh. Halla Scoile, Ionad Pobail)

Fuair scoileanna maoiniú cheana féin do bhéilí scoile i mbliana agus, mar sin, b'iondúil go n-eiseofaí íocaíocht le soláthraithe de bhun sonraisc a d'íocfaí go riaráisteach. Tá a gcuid socruithe féin ag gach scoil le soláthraithe bia.

Ós rud é gur gá srian a chur ar dhaoine bogadh níor chuí go dtiocfadh daoine le chéile chun bia a ithe. Mar sin de, níor mhór d'aon chóras a bheith bunaithe ar dháileadh ó mhol lárnach chun seachadadh chuig seoltaí baile nó, sa chás go bhfuil seachadadh dodhéanta, le bailiú ag daoine aonair. D'fhéadfadh foireann dheonach (foireann chomhlánaithe scoile, srl.) a bheith in ann cabhrú. Tá comhaontaithe ag An Post iompar pacáistí bia a éascú ó aon cheann dá nAonaid Seirbhísí Seachadta chuig seoltaí baile daltaí.

Faoi ghnáthchúinsí, is faoi comhordaitheoirí idirchaidreamh baile, scoile agus an phobail atá cuairteanna baile agus, mar sin de, bheadh seoltaí baile daltaí ar eolas acu. Níltear ag dúil go dtabharfar cuairteanna baile ach go bhféadfaí seachadtaí a chomhordú agus a shocrú más gá. Tá teagmháil déanta ag Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS) le gach comhordaitheoir idirchaidreamh baile, scoile agus an phobail (HSCL) agus d'iarr ar bhaill foirne HSCL agus SCP araon idirchaidreamh a dhéanamh le príomhoidí scoile i ngach scoil ina n-oibríonn HSCL agus SCP faoi láthair chun a chinntiú go n-aithneofar agus go dtacófar le páistí/teaghlai a bhfuil gá acu leis na gClár Béilí Scoile.

Go hidéalach, d'fhéadfaí bia domheata a chur ar fáil. D'fhéadfaí a iarraidh ar sholáthraithe bia smaoineamh air seo agus bosca 'Soláthairtí Éigeandála' a chur ar fáil do gach páiste.

Mhol soláthraí amháin dá gcomhnascfaí an maoiniú bricfeasta agus lóin, €0.60c agus €1.40 sa lá faoi seach, atá ann cheana go bhféadfadh soláthraithe bia an leithdháileadh seachtainiúil €10 a úsáid chun bricfeasta agus lón folláin a chur ar fáil do gach páiste a chomhlíonfadh critéir *Caighdeán Chothaitheacha do Bhéilí Scoile* atá ar fáil ag an nasc seo a leanas;

<https://www.gov.ie/en/publication/484f17-nutrition-standards-for-school-meals/>

Sampla den bhia a d'fhéadfadh a bheith i mbosca Soláthar Éigeandála (le hathrú gach seachtain):

- -Arán bán úr gearrtha (Carbaihidráití)
- -Sicín/turcaí/muiceoil (Próitéin)
- -Cáis (Déirí)
- -Torthaí (Cuid den 5 sa lá)
- -Gránaigh Bhricfeasta (Lánghráin)

Féadann scoileanna na roghanna atá ar fáil a phlé lena soláthraithe agus indéantacht comhordú bailiú agus/nó seachadadh bia a mheas. Má tá pacáistí á soláthar, beidh ar scoileanna fios a bheith acu, más féidir, cé na riachtanais aiste bia atá ag daltaí ar leith.

Rogha 2: Bia a cheannach ó Mhórdhíoltóir nó ó Ollmhargadh Áitiúil

Mura indéanta ná cuí an maoiniú a chaitheamh ar bhia tríd an gconradh reatha le soláthraí, beidh an rogha é a cheannach ó mhórdhíoltóir nó ó ollmhargadh áitiúil inghlactha. Caithfear admhálacha a bheith le gach ceannach bia chun an caiteachas a dheimhniú.

Iarrtar ar sholáthraithe ollmhargaidh agus miondhíoltóirí ionadaithe scoile a bheadh ag ceannach a lán bia ar chúiseanna béilí scoile a éascú.

Tá comhairle Sláinte Phoiblí an FSS ar scaradh fisiciúil maidir le bailiú agus/nó seachadadh i gceist anseo fosta.

Rogha 3: Nascadh le carthanas nó grúpa pobail áitiúil

I gceantair áirithe, tá soláthar béilí nó bia socraithe ag carthanais, clubanna, bialanna agus ag eagrais áitiúla. D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach nascadh le cuid díobh seo lena fheiceáil an féidir béilí a shocrú do bhur gcohort daltaí.

Féadann scoileanna meáin shóisialta nó cumarsáid dhíreach a úsáid le clubanna agus le hoibrithe deonacha lena chur in iúl dóibh go bhfuil cúnamh de dhíth orthu.

Má bhíonn deacracht ag scoil eagrais áitiúil a aithint nó dul i dteagmháil leo, is féidir teagmháil a dhéanamh tríd an gCuradh Pobail áitiúil.

Rogha 4: Acmhainní foirne a chomhroinnt

Féadann scoileanna smaoineamh ar acmhainní foirne a chomhroinnt idir scoileanna chun na gnéithe oibríochtúla a éascú agus a chinntiú go leanfar de sheachadadh béilí scoile.

Níl na roghanna thuas sainordaitheach. Is féidir roghanna eile a mheas fosta ach paraiméadair na scéime a chomhlíonadh.

Mar achoimre - Bearta riachtanacha

Má tá bhur scoil ag baint feidhm leanúnach as an gClár Béilí Scoile le linn ghéarchéim Covid-19:

- Ba chóir teagmháil a dhéanamh le bhur soláthraí chun a shocrú nach seachadfar soláthairtí ach uair sa tseachtain. Ba chóir do scoileanna a shocrú go soláthrófar pacáiste seachtainiúil (ar a mhíne) bia - ba chóir seachadtaí laethúla a sheachaint.
- D'fhéadfadh sé go mbeadh socruithe áitiúla déanta agaibh cheana maidir le dáileachán le baill foirne scoile, TESS agus Comhlánaithe Scoile nó le cúnaimh ó phobal na háite. Má tá socruithe déanta agaibh chun dáileachán a éascú agus más indéanta leanúint leis seo, ba chóir leanúint le socruithe dáileacháin. Nuair a bhíonn bia á bhailiú ón scoil, **ní mór socruithe a bheith ann le go ndéanfar é seo ar aon dul go docht le treoirínite scaradh fisiciúil FSS Covid-19.**
- Mura bhfuil socruithe déanta agaibh chun bia a sheachadadh chuig teaghlaigh, déanaigí é seo trí úsáid threoirínite seachadta An Post mar atá leagtha amach thuas.
- Faoi na scoileanna atá sé fós an maoiniú a bhainistiú agus gach socrú riachtanach a dhéanamh lena soláthraithe.
- Mura féidir libh bhur soláthraí reatha a úsáid le leanúint de thairiscint béilí scoile, tá de chead ag scoileanna roghanna eile a mheas, mar shampla:
 - tionscnaimh áitiúla eile a úsáid amhail tionscnaimh pobail nó carthanas áitiúil a chuireann bia nó béilí ar fáil
 - modh eile soláthair (m.sh. soláthairtí bia a fháil ó sholáthraí eile nó ó mhiondíoltóir)

- Má tá aon chúnammh uaibh ó ghrúpaí áitiúla pobail nó deonacha agus deacracht agaibh eagras cuí a aithint nó dul i dteagmháil leo, déan teagmháil le do Churadh Pobail. Tá sonraí teagmhála na gcuradh san aguisín ag deireadh na treorach seo.
- I gcomhair earraí bia amháin a chaithfear an maoiniú a cuireadh ar fáil faoin gClár Béilí Scoile a úsáid - ní ar dhearbháin.
- Ní mór do scoileanna admhálacha a choinneáil do gach earra bia a ceannaíodh faoi mar atá sa Chlár Béilí Scoile.
- Níl aon mhaoiniú breise ar fáil le cois na suime a cuireadh ar fáil cheana do scoileanna aonair. Leithdháiltear maoiniú in aghaidh an bhéile, an pháiste, an lae.

Má tá aon soiléiriú uait ar an gclár béilí scoile, seol r-phost chuig school.meals@welfare.ie nó glaoigh ar 071 9138625.

Má tá aon soiléiriú uait ar an treoir thuas, seol r-phost chuig social_inclusion@education.gov.ie

C agus F

C1. Má tá scoil ag fáil maoiniú Clár Béilí Scoile an gcaithfidh sí leanúint de sholáthar béilí scoile le linn dhúnadh scoileanna Covid-19?

F1. Iarrtar ar scoileanna a chinntiú go bhfuil fáil fós ar bhéilí scoile ag páistí a bhíodh ag brath orthu cheana. Iarradh ar fhoireann Sheirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla idirchaidreamh a dhéanamh le príomhoidí i ngach scoil ina n-oibríonn HSCL agus SCP faoi láthair chun a chinntiú go n-aithnítear agus go dtacaítear le páistí/teaghlaigh a mbíonn Béilí Scoile de dhíth orthu.

C2. Conas is féidir le scoileanna leanúint de sholáthar Béilí Scoile?

F2. Tá a socrú féin ag gach scoil le soláthraithe bia.

Ós rud é gur gá bac a chur ar bhogadh ó áit go háit, níor chuí go dtiocfadh daoine le chéile chun bia a ithe. Mar sin de, níor mhór d'aon chóras a bheith bunaithe ar dháileadh ó mhol lárnach chun seachadadh chuig seoltaí baile nó, sa chás go bhfuil seachadadh dodhéanta, le bailiú ag daoine aonair. D'fhéadfadh foireann dheonach (foireann chomhlánaithe scoile, srl.) a bheith in ann cabhrú.

Go hidéalach, d'fhéadfaí bia domheata a chur ar fáil. D'fhéadfaí a iarraidh ar sholáthraithe bia smaoineamh air seo agus bosca 'Soláthairtí Éigeandála' a chur ar fáil do gach páiste. moladh amháin is ea dá gcomhnasfaí an maoiniú bricfeasta agus lóin, €0.60c agus €1.40 sa lá faoi seach atá ann cheana, go bhféadfadh soláthraithe bia an leithdháileadh seachtainiúil €10 a úsáid chun bricfeasta agus lón folláin a chur ar fáil do gach páiste a chomhlíonfadh Treoirínite Bia Folláin.

Iarrfar ar scoileanna na roghanna atá ar fáil a phlé le soláthraithe agus smaoineamh ar indéantacht comhordú seachadadh bia.

Mura indéanta an maoiniú a chaitheamh ar bhia tríd an gconradh reatha le soláthraí beidh an rogha é a cheannach ó mhórdhíoltóir nó ó ollmhargadh áitiúil inghlactha. Caithfear admhálacha a bheith le gach ceannach bia chun an caiteachas a dheimhniú. Ar na roghanna eile tá nascadh le heagras, club nó carthanas áitiúil.

C3. Cén maoiniú breise atá á chur ar fáil chuige seo?

F3. Níl aon mhaoiniú breise ar fáil don Chlár Béilí Scoile. Leanfar den mhaoiniú a leithdháiltear in aghaidh an bhéile, an pháiste, an lae maidir leis an líon páistí a dtacaíonn an scoil leo le linn dhúnadh Covid-19. Mar shampla, d'fhéadfadh 200 dalta a bheith ar rolla scoile agus socraíonn sí tacú le 20 de na daltaí is leochailí. Mar sin de, is é an ráta maoinithe mar atá leithdháilte faoi láthair in aghaidh an bhéile, an pháiste, an lae X 20 dalta.

C4. An féidir le mo scoil dearbháin ollmhargaidh a cheannach agus iad a dháileadh ar na daltaí atá i gceist?

F4. Ní féidir dearbháin a cheannach. Is ar cheannach bia amháin a fhorálann an Clár Béilí Scoile.

C5. An leanfar de sholáthar béilí scoile le linn Shaoire na Cásca?

F5. Leanfar. Féadann scoileanna leanúint de sholáthar béilí scoile le linn Shaoire na Cásca. Spreagtar scoileanna leanúint den tseirbhís seo le linn na tréimhse.